



Nuacht Litir Chairde Na Scoile

Earrach 2016

Fáilte go Nuachtlitir an Earraigh ó chairde na Scoile! Bhí sé mhí an-ghnóthach againn ó thús na bliana agus ba mhaith linn eolas a roinnt libh faoin méid sin agus an méid a bheidh le teacht!

Go leor déanta go dtí seo!

Bhí sé imeachtaí éagsúla againn ó thús na bliana chun airgead a bhailiú don scoil; Dioscó Oíche Shamhna, Cártaí Nollag, Féilirí, Bag2School X 2 agus Rith sa bPuiteach! Tá breis is €7,500 bailiothe againn cheana féin i mbliana agus an t-airgead fós ag teacht isteach. Mile buíochas as bhur gcuid tacaíochta go léir. Taimid ag iarraidh cur le fearas spóirt, ceoil, fuaime agus TEC maraon le binsí nua.

D'eagraigh Cairde na Scoile fáiltiú don Chóineartú i mbliana i halla an pharóiste in aice le Séipéal Naomh Crónán ar an 16-02-16. Ár mbuíochas leis na tuismitheoirí a chabhraigh ar an lá agus comhghairdeas le daltaí Rang 6!

Ar an mbealach.....

Tráthnóna Spreaí 17^ú Aibreán 2016 – Coinnigh an dáta saor!

Eagróidh Cairde Na Scoile Tráthnóna Spreaí do chlanna ar an Domhnach, an 17-04-16, i Halla CLG Fhine Ghallainn ó 2.30 – 5.30i.n.

Beidh cluichí ollmhóra agus biongó maraon le seó draíochta, Roth na nDuaiseanna agus neart rudai eile ar siúl.

Beidh na ticéid ar díol ón 4ú Aibreán. Ag súil le gach éinne a fheiceáil ann!

Beidh an tSiúlóid i mbliana ar siúl ar an Domhnach, an 12-06-16 agus beidh spórt agus spraoi againn ar an lá!

Beidh an chéad bhailiúchán eile ann do Bag2School ar an Déardaoin, an 19-05-16.

Beidh an Chéad Chomaoineach linn gan ró-mhoill agus beidh Cairde na Scoile ag eagrú bia ar ais sa scoil dos na páistí agus a ngaolta. Beimid ag iarraidh ar thuismitheoirí cabhrú linn le bÁCáil, ceapairí nó bheith ann ar an lá. Más féidir leat cabhrú, téigh i dteagmháil linn, le do thoil.

Mar fhocal scor, más mian leat aon rud a phlé, is féidir dul i dteagmháil linn le glaoch nó tríd an leathanach facebook. www.facebook.com/CairdeNaScoile nó Keira Thornton (Cathaoirleach) 087 3857437 nó Eve Murphy (Rúnaí) 087 6497036.

Lá 'le Pádraig agus Cáisc Shona daoibh!

